Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*An Ardteistiméireacht Fheidhmeach, 2014*

Móriomlán na Marcanna

# Speisialachas Gairmiúil – Óstán, Lónadóireacht agus Turasóireacht

(200 marc)

Creidiúint

**Dé hAoine 6 Meitheamh**

**Tráthnóna 2.00 – 3.30**

## *Treoracha d'Iarrthóirí*

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa spás seo:
2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ UILE SA FHREAGARLEABHAR SEO.
3. Caithfidh iarrthóirí thabhairt faoi **CHEITHRE** cheist.
   Freagair ceist amháin as **gach** roinn de na ceithre roinn sa pháipéar.
   Tá 50 marc ag gabháil le gach ceist.

| *Don Fheitheoir amháin* | *Don Scrúdaitheoir amháin* | |
|---|---|---|
| **Stampa an Ionaid** | 1. Suim na n-iomlán bun leathanaigh | |
| | 2. Móriomlán na gceisteanna a dícheadaíodh | |
| | 3. An Marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2) | |
| | 4. Bónas as freagairt trí Ghaeilge (más cuí) | |
| | 5. An Marc iomlán má bronnadh bónas as freagairt trí Ghaeilge (3 móide 4) | |
| | Nóta: Caithfidh an marc ar líne 3 (nó líne 5 má bronnadh bónas as freagairt trí Ghaeilge) a bheith mar an gcéanna leis an marc sa bhosca **Móriomlán na Marcanna** thuas. | |

# *Roinn 1* – Ag Ithe as Baile: Bealach an Mhearbhia

**(Tabhair faoi Cheist 1 *nó* faoi Cheist 2 sa roinn seo. Tá 50 marc ag gabháil le gach ceist.)**

**1.** **Tá rogha leathan caife ar fáil ar bhiachláir na gcaiféanna.**

## Teach an Chaife

**Gnáthchaife**
Bain triail as ár gcaife collchnónna ar 30 cent sa bhreis

**Americano**

**Espresso**
Tá espresso dúbailte ar fáil freisin

**Cappuccino**

**Café latte**

| | |
|---|---|
| Roghanna | Caife Beagmhéathrais |
| | Caife Lánmhéathrais |
| | Caife Caramail |
| | Caife Fanaile |

**Café Mocha**
Bain triail as an gcaife beagchalraí / gan siúcra atá againn

**Caife fuaraithe**

***Bain triail as an gcaife rósta dorcha atá roghnaithe go speisialta againn***

## *An margadh laethúil 'beir leat'*

***Caife ar bith agus ceann amháin dár mbrioscaí de dhéantús baile ar € 2.50***

***Cláraigh lenár gclub dílseachta caife agus gheobhaidh tú gach 5ú cupán caife saor in aisce***



*(a)* Mínigh cén fáth a gcuirtear cineálacha éagsúla caife ar fáil i gcaiféanna. (12 marc)

*(b)* Déan cur síos ar **gach ceann** de na cineálacha caife seo a leanas agus tabhair meastachán ar an gcostas ar gach ceann díobh. (18 marc)

| Cineál Caife | Cur Síos | Costas |
|---|---|---|
| ***Cappuccino*** | | |
| ***Caife Fuaraithe*** | | |
| ***Café Mocha*** | | |

*(c)* Déan cur síos ar ábhair oiriúnacha phacáistithe do **gach ceann** díobh seo a leanas. (8 marc)

Caife 'beir leat' ______________________________

______________________________

______________________________

Brioscaí 'beir leat' de dhéantús baile ______________________________

______________________________

*(d)* Mínigh cad is brí leis na téarmaí seo a leanas (12 marc)

Espresso dúbailte ______________________________

______________________________

______________________________

Club dílseachta caife ______________________________

______________________________

______________________________

**2.** *(a)* Ainmnigh **sé** bhia éagsúla is féidir a fhriochadh. (6 mharc)

1. ______________________ 2. ______________________

3. ______________________ 4. ______________________

5. ______________________ 6. ______________________

*(b)* Mínigh cén fáth a ndéantar bia a chumhdach uaireanta sula ndéantar é a fhriochadh. (10 marc)

Ainmnigh **dhá** chumhdach is féidir a úsáid agus bia á fhriochadh.

Cumhdach 1 ______________________

Cumhdach 2 ______________________

*(c)* Mínigh **gach ceann** díobh seo a leanas (16 marc)

Friochadh éadomhain______________________

Suaithfhriochadh ______________________

Wok Neamhghreamaitheach ______________________________

Teirmeastat ______________________________

(d) Mínigh cén fáth ar chóir go mbeadh saill/ola ag an teocht cheart agus bia á chócaráil. (9 marc)

(e) Tabhair treoracha le domhainfhriochtóir a ghlanadh. (9 marc)

# *Roinn 2* – Ag Ithe as Baile: Óstáin, Bialanna agus Institiúidí

**(Tabhair faoi Cheist 3 *nó* faoi Cheist 4 sa roinn seo. Tá 50 marc ag gabháil le gach ceist.)**

**3.** **Is rogha choitianta é anraith ar bhiachláir.**

*(a)* Mínigh cén fáth a bhfuil anraith ina rogha chomh coitianta sin ar bhiachláir.
(15 marc)

*(b)* Ainmnigh **ceithre** chineál éagsúla d'anraith. (4 mharc)

1. ______ 2. ______

3. ______ 4. ______

*(c)* Ainmnigh **dhá** rud a ghabhann le hanraith agus **dhá** ghairnis a bheadh oiriúnach d'anraith.
(8 marc)

Rud a ghabhann leis 1 ______

Rud a ghabhann leis 2 ______

Gairnis 1 ______

Gairnis 2 ______

*(d)* Cuir na treoracha seo a leanas le hanraith glasraí a dhéanamh san ord ceart sa phlean oibre. (16 marc)

**Treoracha**

| | |
|---|---|
| *Gairnis* | *Laghdaigh an teas agus lig dó suanbhruith* |
| *Ullmhaigh na glasraí* | *Téigh an ola/an t-im* |
| *Cuir isteach stoc/uisce* | *Fiuch* |
| *Sótáil* | *Leachtaigh* |

**Plean Oibre**

1. ______________________________
2. ______________________________
3. ______________________________
4. ______________________________
5. ______________________________
6. ______________________________
7. ______________________________
8. ______________________________

*(e)* Mínigh conas is féidir leis a bheith níos éasca agus níos tapúla má úsáideann tú bianna saoráideacha agus anraith á ullmhú, á chócaráil agus á riar agat. (7 mharc)

**4.** **Mar chuid de *Sheachtain Bhia Shláintiúil* i do scoil, tá lón á reáchtáil ag do rang do Chomhairle na Mac Léinn.**

*(a)* Dear cárta tarraingteach ag tabhairt cuireadh chuig an ócáid. (7 marc)

**Cuireadh**

*(b)* Tabhair breac-chuntas ar na tosca ba chóir a chur san áireamh agus biachlár an lóin á phleanáil. (15 marc)

*(c)* Liostaigh **trí** fhoinse eolais a d'fhéadfaí a úsáid agus biachláir á bpleanáil. (3 mharc)

1. ______________________________

2. ______________________________

3. ______________________________

*(d)* Leag amach biachlár table d'hôte do lón **dhá chúrsa** don ócáid. (16 marc)

Biachlár Lóin

*(e)* Mínigh conas a spreagfá agus a chuirfeá bia sláintiúil chun cinn i measc phobal na scoile. (9 marc)

# *Roinn 3–* **Fáilteachas sa Turasóireacht**

**(Tabhair faoi Cheist 5 *nó* faoi Cheist 6 sa roinn seo. Tá 50 marc ag gabháil le gach ceist.)**

**5. Tá teaghlach ina bhfuil tuismitheoirí, seantuismitheoirí agus páistí ag pleanáil saoire in Éirinn sa samhradh agus is mian leo a lóistín a chur in áirithe roimh ré.**

*(a)* Liostaigh **sé** chineál lóistín atá ar fáil in Éirinn. (6 mharc)

1. ______________________ 2. ______________________

3. ______________________ 4. ______________________

5. ______________________ 6. ______________________

*(b)* Déan cur síos ar na tosca a mbeadh tionchar acu ar a rogha lóistín don tsaoire.
(15 marc)

*(c)* Déan cur síos ar **dhá** shlí ina bhféadfadh an teaghlach taighde a dhéanamh faoi lóistín do na laethanta saoire agus ar **dhá** shlí ina bhféadfadh an teaghlach a lóistín a chur in áirithe. (12 marc)

Taighde faoi Lóistín

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

An Lóistín a chur in áirithe

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

*(d)* Déan cur síos ar na háiseanna agus ar na seirbhísí a bheadh ag teastáil ó aíonna faoi mhíchumas agus iad ag fanacht i lóistín do na laethanta saoire. (12 marc)

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________


______________________________

*(e)* Is cineál nua-aimseartha campála í 'Glampáil'. Mínigh cén fáth a bhfuil sí ag éirí níos coitianta. (5 mharc)

______________________________

______________________________

**6. Tá a lán rudaí i Loch Garman agus in Oirdheisceart na hÉireann a tharraingíonn turasóirí agus tá a lán fóntas ann do na turasóirí.**




| | | |
|---|---|---|
| **1** *Stáisiún Traenach & Bus* | **5** *Ionad Ealaíne* | **9** *Tacsaí* |
| **2** *Pictiúrlann* | **6** *Eaglais Chaitliceach* | **10** *Muiríne* |
| **3** *Mainistir Selscar* | **7** *Eaglais na hÉireann* | **11** *Áras Ceoldrámaíochta* |
| **4** *Óstán* | **8** *Oifig an Phoist* | **12** *Mainistir* |

*(a)* Ainmnigh **ceithre** mhodh iompair a d'fhéadfadh turasóirí a úsáid le dul go Loch Garman agus le cuairt a thabhairt ar Oirdheisceart na hÉireann. (8 marc)

1. ______________________________ 2. ______________________________

3. ______________________________ 4. ______________________________

*(b)* Mínigh cad is brí leis na siombailí seo a leanas. (6 mharc)


______________________________________________


______________________________________________

*(c)* Agus tú ag baint úsáide as an eolas atá tugtha sa léarscáil, mol **dhá** rud a tharraingíonn *turasóirí aosta* agus **dhá** rud a tharraingíonn *teaghlaigh ina bhfuil páistí*.
Tabhair cúis do **gach** moladh. (24 marc)

*Turasóirí aosta*

Tarraingt 1 ______________________________

Cúis ______________________________

______________________________

Tarraingt 2 ______________________________

Cúis ______________________________

______________________________

*Teaghlaigh ina bhfuil páistí*

Tarraingt 1 ______________________________

Cúis ______________________________

______________________________

Tarraingt 2 ______________________________

Cúis______________________________

______________________________

*(d)* Déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí turasóirí a spreagadh chun teacht ar ais agus cuairt a thabhairt ar cheantar Loch Garman. (12 marc)

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

# *Roinn 4–* Lónadóireacht le hAghaidh na hÉagsúlachta

**(Tabhair faoi Cheist 7 *nó* faoi Cheist 8 sa roinn seo. Tá 50 marc ag gabháil le gach ceist.)**

**7.** **Bíonn cúiseanna éagsúla ag daoine le haiste bia veigeatórach a roghnú.**

*(a)* Mínigh cén fáth a roghnódh duine a bheith ina veigeatóir. (8 marc)

*(b)* Mínigh **gach ceann** de na cineálacha seo a leanas d'aiste bia veigeatórach. (10 marc)

Lachtveigeatórach

Veigeánach

*(c)* Pleanáil biachlár bricfeasta **dhá chúrsa** agus biachlár dinnéir **dhá chúrsa** a bheadh oiriúnach do lachtveigeatóir. (26 marc)

Biachlár Bricfeasta

Biachlár Dinnéir

*(d)* Déan measúnú ar luach cothaitheach an bhiachláir **dhinnéir** atá pleanáilte agat. (6 mharc)

**8.** **Is minic a thugtar 'príomhbhianna' ar bhianna as an ngrúpa arbhair agus prátaí.**

*(a)* Ainmnigh tír **dhifriúil** ina mbaintear úsáid fhorleathan as **gach** príomhbhia ar an liosta thíos. Mol mias **dhifriúil** ina n-úsáidtear **gach ceann** de na príomhbhianna mar an príomh-chomhábhar. (20 marc)

| ***Príomhbhia*** | ***Tír*** | ***Mias*** |
|---|---|---|
| Prátaí | | |
| Rís | | |
| Pasta | | |
| Núdail | | |
| Grán Buí | | |

*(b)* Roghnaigh ceann ar bith de na príomhbhianna agus mínigh conas a dhéantar é a chócaráil agus a riar. (10 marc)

Príomhbhia ___________________________

Cócaráil___________________________________________________________________

_______________________________________________________________________

_______________________________________________________________________

_______________________________________________________________________

_______________________________________________________________________

_______________________________________________________________________

_______________________________________________________________________

_______________________________________________________________________

_______________________________________________________________________

Riar ____________________________________________________________________

_______________________________________________________________________

_______________________________________________________________________

_______________________________________________________________________

*(c)* Ainmnigh **dhá** chothaitheach atá le fáil sna príomhbhianna ar an liosta agus tabhair feidhm **gach** cothaitheach díobh. (8 marc)

Cothaitheach 1 ______________________________

Feidhm ______________________________

______________________________

Cothaitheach 2 ______________________________

Feidhm ______________________________

______________________________

*(d)* Mínigh cén fáth a bhfuil príomhbhianna ina gcomhábhair choitianta i dtíortha nó i réigiúin áirithe. (12 marc)

Leathanach Bán

Leathanach Bán

**Don scrúdaitheoir amháin**

| Ceist | Marc | |
|---|---|---|
| 1 | | |
| 2 | | |
| 3 | | |
| 4 | | |
| 5 | | |
| 6 | | |
| 7 | | |
| 8 | | |
| ***Iomlán*** | | |